ITL 2020

ITL
Fís agus Straitéis go dtí 2020

Ceannaireacht Ghníomhach san Oideachas, sa bhFiontraíocht agus sa Rannpháirtíocht.

Faofa ag Bord Rialaithe ITL i mí Mhárta 2011

Clár

Cuid I Ráiteas Físe ITL ..... **Error! Bookmark not defined.**

Cuid II Spriocanna Straitéiseacha ..... **Error! Bookmark not defined.**

Fearann A – Próifíl Acadúil 9

1. Foghlaimeoirí ..... **Error! Bookmark not defined.**
2. Teagasc ..... **Error! Bookmark not defined.**
3. Tacaí Foghlaimeora ..... **Error! Bookmark not defined.**
4. Aistriú Eolais - Taighde ..... **Error! Bookmark not defined.**
5. Aistriú Eolais – Forbairt na Fiontraíochta ..... **Error! Bookmark not defined.**

Fearann B – Inmharthanacht Institiúideach ..... **Error! Bookmark not defined.**

6. Pobal ..... **Error! Bookmark not defined.**
7. Cumarsáid ..... **Error! Bookmark not defined.**
8. Áiteanna ..... **Error! Bookmark not defined.**
9. Córais ..... **Error! Bookmark not defined.**
10. Cistí ..... **Error! Bookmark not defined.**

Fearann C – Timpeallacht 27

Ár Réigiún – Tionscal agus Pobal 27

Ár nEarnáil: Oideachas agus Comhlachtaí Náisiúnta ..... **Error! Bookmark not defined.**

An Domhan mórthimpeall orainn (Macra-leibhéal) 31

Aguisín 1: bunchlocha don bhForbairt Straitéiseach (ní liosta uileghabhálach é seo).....33

Aguisín 2 – Éabhlóid na nInstitiúidí Teicneolaíochta ..... **Error! Bookmark not defined.**

Aguisín 3 – Sár PFTí molta le haghaidh Straitéis ITL go dtí 2020 37

CUID 1 RÁITEAS FÍSE ITL

Ceannaireacht Ghníomhach san Oideachas, sa bhFiontraíocht agus sa Rannpháirtíocht ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh, Thiobrad Árann agus an Chláir

Tugann an cháipéis seo forléargas ar fhorbairt Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh sna blianta go 2020. Is soláthróir ardoideachais í Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh faoi Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta 2006, agus údarás tarmligthe againn ár ndámhachtainí féin a dhéanamh suas go leibhéal 9 (múinte) agus is soláthróir faofa leibhéal 9/10 (taighde) muid chomh maith. Tá an ráiteas físe agus spriocanna straitéiseacha a chuirtear i láthair anseo á dhéanamh tar éis tréimhse fíor-rathúil fáis faoin bPlean Straitéiseach a chuaigh roimhe 2006 go 2010. Chríochnaigh an tréimhse le hAthbhreithniú Insitiúide faoi Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna nuair a mhol painéal idirnáisiúnta ár gcórais ardéifeachtúla dearbhú cáilíochta, ár bhfealsúnacht oideachasúil a chuirtear ar fáil go dáiríre i gcleachtas, ár rannpháirtíocht chumhachtach le tionscal agus pobal, agus na modheolaíochtaí aibí atá againn chun straitéis a fhorbairt agus athbhreithnithe a dhéanamh.

Agus an tréimhse deireanach straitéiseach pleanála ag teacht chun deiridh tá tús á chur le LIT méadaithe agus Institiúid Forbartha Tuaithe agus Gnó Thiobrad Árann (TI) ag teacht isteach linn go héifeachtúil ó mhí Mheán Fómhair 2011. Is mór an méadú é seo ar mhéid agus ar réimse na heagraíochta, agus beidh muid freagrach anois as foireann agus mic léinn i gcúig champas agus i dtrí ionad for-rochtana eile. Beidh níos mó ná 7,000 mac léinn lánaimseartha san ITL méadaithe agus tuileadh cumas fáis ann, chomh maith le timpeall 550 ball foirne. Beidh muid ag freastal ar ár gceantar mar a bhfuil campais nó gníomhaíocht fhor-rochtana againn, Cathair agus Contae Luimnigh, Tiobrad Árann agus an Clár. Chomh maith leis sin, beidh muid ag freastal ar chontaetha máguaird, lena n-áirítear mórbhailte agus cúlchríoch mór tuaithe. Tá ITL bunaithe go daingean anois mar cheann de na gníomhairí is mó san earnáil seo agus tá sé seo ríthábhachach sa chomhthéacs nua ardoideachais. Ach tuigimid go maith na dúshláin a bhainfidh leis an gcomhtháthú le TI agus leis an oibríocht ilchampais a bheidh ann dá bharr thar réigiún leathan tíreolaíoch. Ina chruth nua beidh ar ITL díriú ar a mhisean ar son foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara eile, ag eascairt as fís agus cuspóir aontaithe lánchomhtháite a thuigeann agus a mhothaíonn an fhoireann agus gach dream a bhíonn ag obair i gcomhar linn. Ní mór acmhainní dóthanacha a beith mar bhonn don bhfís seo fiú má tá siad srianta, agus ní mór córais a bheidh oiriúnach dá bhfeidhm agus próisis réidhe a bheith ann.

Tá cruth á chur ag ITL ar ár bhfís agus ár dtreo straitéiseach do na deich mbliana atá romhainn agus sinn ag tógáil ar an neart agus ar na forbairtí san eagraíocht féin agus ar cháil ár gcéimithe. Tá sé seo ar bun agus dúshláin fhíordheacra ann do Stát na hÉireann, don earnáil ardoideachais agus dár réigiún. Is dócha go mairfidh na dúshláin seo ar aghaidh ar feadh formhór na ndeich mbliana, rud a leagann freagracht ollmhór ar ár ngluailne mar lucht

oideachais agus mar ionad fostaíochta. Beidh cionroinnt thógálach á dhéanamh ag ITL ar son téarnaimh inmharthana agus ar son athnuachana, ag eascairt as an ráiteas misin agus na luachanna a leagtar síos inár gCairt.

> *Ullmhaíonn ITL foghlaimeoirí do shaol sásúil dúshlánach, agus cothaíonn sí forbairt ghairmiúil, intleachtúil, shóisialta, chultúrtha agus phearsanta an duine aonair. Is í an fhoghlaim ghníomhach le cumascú de theoiric agus de chleachtas sainmharc ár bhfealsúnacht oideachais. Cuirimid oideachas triú agus ceathrú leibhéil ar fáil, chomh maith le hoiliúint agus taighde, agus tá ról lárnach againn i bhforbairt eacnamaíoch agus shocha-chultúrtha ár réigiúin.*

Beidh **ceannaireacht ghníomhach** á léiriú ag ITL agus ár misean á sheachadadh againn ar son foghlaimeoirí agus gach páirtí leasmhar eile, lena n-áirítear an fhoireann, sna príomhsnáitheanna seo a leanas:

- Ceannaireacht ghníomhach san oideachas agus san oiliúint: Tá caighdeáin cháilíochta den scoth ag ITL mar aon le **cur chuige comhleanúnach gníomhach foghlama** a chuireann eispearais fhíréanta agus timpeallacht foghlama spreagúil ar fáil atá bunaithe ar luachanna do réimse ilghnéitheach foghlaimeoirí.
- Ceannaireacht ghníomhach i bhforbairt fiontraíochta agus in aistriú eolais: beidh bealaí nuálacha á thairiscint ag **Dréimire Fiontraíocht ITL** d'fhoghlaimeoirí ITL, cuideachtaí campais agus mac-chuideachtaí chomh maith le cliaintí seachtracha chun a bheith rannpháirteach i dtacaí fiontraíochta agus i dtaighde fheidhmeach, d'fhonn eolas agus fostaíocht nua a chruthú.
- Ceannaireacht ghníomhach **rannpháirteach sa phobal**: Beidh ITL ag leanúint ar aghaidh ag cruthú naisc láidre leis an tionsclaíocht agus leis an phobal i gcoitinne, le tacaícocht ó mhaoiniú mórshruthach, ó shruthanna malartacha ioncaim agus ó shocruithe deonacha ar mhaithe le seirbhis a sholáthar don tionsclaíocht agus don phobal ar leibhéal na hinstitiúide na foirne agus na mac léinn.
- Ceannaireacht Ghníomhach i gcruthú **tírdhreach an ardoideachais**. Beidh ITL onnghníomhach inár bhfreagairt do bheartas nua an rialtais ó foilsíodh an Straitéis Náisiúnta don Ardoideachais go dtí 2030, trí chruthú Chomhghuallaíocht nua Ardoideachais Tras-Éireann le comhpháirtithe in earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta agus trí neartú a dhéanamh ar an gcomhghuallaíocht tras-earnála atá againn cheana féin (Consortiam na Sionnaine, faoi stiúr Ollscoil Luimnigh). Leanfar ar aghaidh leis an bhfeidhmíocht den scoth sa cheannaireacht ghníomhach seo in aghaidh **thagarmharcanna éifeachtúlachta agus éifeachtachta**.

Tríd an cheannaireacht ghníomhach seo, beidh tionchar agus feidhm ag ITL ar rath an réigiúin, agus beidh páirt mhór againn san earnáil oideachais go náisiúnta. Agus sin á dhéanamh againn, tá ITL muiníneach go sásóidh muid na critéir atá molta sa Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas go dtí 2030 d'Instiitiúidí Teicneolaíochta nua-aimseartha. Ar ball, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí iarratas ar athaimnniú ITL mar Ollscoil Teicneolaíoch i gcomhar le comhpháirtí nó comhpháirtithe comhghuallaíochta, faoi réir ag beartas rialtais agus reachtaíocht chumasúcháin.

Ní mór a mheabhrú go mbeidh na nósmhaireachtaí iarratais dian agus fadálach, agus go mbainfidh critéir dhiana leo. Má tá athaimniú le déanamh ní mór go mbainfidh mic léinn agus céimithe leas as. Cuirfear taifead bródúil ITL mar insitiúid neamhspleách le céannacht mar mhórphol oideachais i Meán-Iarthar na hÉireann san áireamh, agus misean soiléir nach ndéanfar aon mhaolú air seo.

Sna fiontair cheannaireachta seo, tá comhpháirtithe againn ón tionsclaíocht, ón oideachas dara leibhéil agus iar-Ardteiste, ó na gníomhaireachtaí ábhartha agus ón bpobal i gcoitinne. Déanfaidh ITl forbairt freisin ar an líonra idirnáisiúnta comhpháirtithe atá againn, le toise ilnáisiúnta ilchultúrtha a chur le timpeallacht foghlama na bhfoghlaimeoirí a bheidh againn amach anseo. Ní mór dár gcéimithe a bheith oilte i bhfios gnó agus in inniúlachtaí don mhargadh domhanda. Tá cáil ar chéimithe na hÉireann as a bheith infhostaithe le cuideachtaí idirnáisiúnta agus as a gcumas oiriúnaithe sa bhaile agus thar lear, agus as cumas méadaithe chun fiontair dhúchasacha a chruthú a bhíonn ag trádáil go hidirnáisiúnta. Beidh céimithe ITL ar thús cadhnaíochta sna treochtaí seo agus cuirfear ar a gcumas breathnú amach thar an léaslíne áitiúil.

Beidh crainn taca seo cheannaireacht ITL (foghlaim ghníomhach, an dréimire fiontraíochta, rannpháirtíocht sa phobal agus cruthú na timpeallachta ardoideachais) mar dhúshraith do na trí sprioc déag straitéiseacha atá leagtha amach sa cháipéis seo. Ar son na soiléireachta sa bhfeidhmiú agus ar mhaith le húinéireacht a shannadh d'fheidhmeanna ar leith san eagraíocht, tá na trí sprioc straitéiseacha déag curtha isteach i dtrí fhearann leathan. Clúdaíonn an earnáil próifíl acadúil na croísheirbhísí don phobal: teagasc agus foghlaim, tacaí d'fhoghlaimeoirí agus aistriú teicneolaíochta (forbairt fiontraíochta agus taighde feidhmeach). Sa roinn inmharthanacht na hinstitiúide léirítear conas a chabhróidh réimse leathan feidhmeanna tacaíochta agus acmhainní le ITL an próifíl atá uainn a sheachadadh. Agus sa roinn dheireannach, an timpeallacht, tá creatlach á thairiscint againn le hainilís leanúnach a dhéanamh ar ár dtimpeallacht oibriúcháin agus ar an gcaoi a mbeidh ár bpáirt féin á imirt againn.

Cuirtear mianta agus spriocanna leathana in iúl sa ráiteas físe agus straitéise seo go dtí 2020. Bainfear timthriallacha straitéiseacha pleanála níos giorra as an gcáipéis seo a fhorbrófar ar bhonn rothlaithe i dtréimhsí bliana agus dhá bhliana mar is cuí. Leagfear amach cuspóirí sna pleananna gearrthéarmacha seo a bheidh nasctha le príomhtháscairí feidhmíochta (PTF) i bhfearainn leathana na spriocanna straitéiseacha, agus déanfar iad a fhorbairt agus a fhaire ag leibhéal na hInstitiúide agus an cheantair. Beidh gach ceantar ar leith freagrach as pleananna comhpháirte a fhorbairt de réir struchtúr uileghabhálach eagrúcháin ITL, agus is iad seo iad faoi láthair:

Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh
An Scoil Eolaíochta, Innealtóireachta agus TF
An Scoil Gnó agus Daonnachtaí
Scoil na Timpeallachta Tógtha
Scoil Thiobrad Árann ITL
Réimse an Rúnaí/Rialtóir Airgeadais

Réimse an Chláraitheora
Réimse na Forbartha

Braitheann fíorú aon fhíse straitéisí ar dhaoine. Bhí inchur suntasach ag an mbord rialaithe, ag páirtithe leasmhara seachtracha, ag ceardchumainn na foirne, ag comhalta na comhairle acadúla agus ag mic léinn ar fud eagraíocht mhéadaithe ITL i bhforbairt na cáipéise seo. Thar saolré an phlean straitéisigh seo, is cinnte go dtiocfaidh athrú ar struchtúr agus ar chomhdhéanamhm na n-eagraíocht agus na ndaoine atá rannpháirteach. Mairfidh an fhís shoiléir agus an treoir straitéiseach áfach, agus gach duine a bhfuil baint acu le ITL ag glacadh go bródúil leo.

Márta 2011

An tUasal John Clifford, Cathaoirleach, An Dr. Maria Hinfelaar, Uachtarán

CUID II SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

Sna ranna thíos cuirtear trí sprioc straitéiseach déag i láthair faoi na cinnteidil seo a leanas:

Fearann A - Próifíl Acadúil

1. Foghlaimeoirí
2. Teagascóirí
3. Tacaí d'Fhoghlaimeoirí
4. Aistriú Eolais - Taighde
5. Aistriú Eolais - Forbairt Fiontraíochta

Fearann B - Inmharthanacht Institiúideach

6. Pobal
7. Cumarsáid
8. Áiteanna
9. Córais
10. Cistí

Fearann C - an Timpeallacht

11. An Réigiún - Tionsclaíocht agus an Pobal
12. An Earnáil - Oideachas agus Comhlachtaí Náisiúnta
13. An Mórthimpeall (Macra-léabhéal)

Tá gach sprioc miondealaithe de réir mianta agus cuspóirí éagsúla i bhformáid insinte. Beidh na cuspóirí seo ina gcnámh droma do na pleananna comhpháirteacha a bheidh á ndréachtadh laistigh de gach réimse ábhartha freagrachta, .i. na ranna acadúla agus na réimsí feidhmiúcháin. Nuair ba fhéidir é, rinneadh príomhtháscairí feidhmíochta inchainníochtúla (PTF - Aguisín 3) a fhorbairt mar chomharthaí eolais soiléire do thuarascála agus athbhreithnithe leanúnacha, chomh maith le faisnéis cháilíochtach a bheidh ag cothú na n-athbhreithnithe sin. Tá na PTFí seo bunaithe ar an modheolaíocht a glacadh faoin bPlean Straitéiseach roimhe seo, agus tá tuilleadh feabhsú déanta orthu inár bhfeidhm inmheánach iniúchóireachta a bhí ar a sheal faoi threoir ag torthaí Athbhreithniú Institiúideach ITL, na cleachtais náisiúnta is fearr agus treoirlínte an Údarás Ard-Oideachais.

Ar fud chorp an téacs agus suite leis na spriocanna ábhartha straitéiseacha, déantar tagairt do na príomh-mholtaí atá sa Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas go 2030 a sheoil an tAire Oideachais agus Scileanna i mí Eanáir 2011. Ní mór a mheabhrú nach ndéanann na tagairtí sin ach a léiriú chomh dílis is atá an smaointeoireacht in ITL do na moltaí straitéiseacha náisiúnta agus do na beartais atá ag teacht chun cinn: ní forléargas cuimsitheach atá iontu.

Fearann A - Próifíl Acadúil

Uaillmhian go 2020: Timthriallacha Pleanála níos Giorra:

Cad a bheidh mar eisint chéannachta againn ár gcroí-ghnó?
Conas a roghnófar tosaíochtaí agus conas a thomhaisimid féin na PTFí?
Cén íomhá atá againn?

"

- ." (An Straitéis Náisiúnta Ard-Oideachais go dtí 2030, Moladh 4)

1. Foghlaimeoirí

Tá an foghlaimeoir i gcroílár gach a ndéanaimid agus is í ár gcroí-fheidhm eispeireas oideachasúil den scoth a sholáthar don fhoghlaimeoir a bhainfidh amach misean na hInstitiúide - forbairt ghairmiúil, intleachtúil, shóisialta, chultúrtha agus phearsanta an duine a chothú. Cuirtear in iúl sna spriocanna agus na cuspóirí atá sa phlean straitéiseach seo conas atá sé i gceist ag ITL seachadadh a dhéanamh ar an misean seo.

- Leanfaidh ITL ar aghaidh mar sholáthróir mór CAO do chóhóirt fágáil scoile a bheidh ag dul isteach i gcláir leibhéal 6, 7 agus 8, agus is iad sin an t-iontógáil is mó a bheidh againn. Meallfaimid chugainn mic léinn cumasacha spreagtha. Beidh an sprioc seo á léiriú i méadraigh a bheidh miondealaithe de réir réimse acadúil, ar nós cóimheasa céad rogha agus glacadh, mar aon le naisc le scoieanna dara leibhéil agus comhaontaithe comhaltúcháin le coláistí iar-Ardteiste.
- Ó thaobh méide, beidh ITL, agus Institiúid Thiobrad Árann, mar a bhí, cónasctha léi, ar cheann de na hInstitiúidí Teicneolaíochta is mó sa tír ó thaobh líon na mac léinn. Beidh cumas éagsúla fáis i ngach campas, ag brath ar an méid foirne agus acmhainní fisiciúla a bheidh ar fáil, ar éileamh na mac léinn ar chúrsaí agus ar an tírdhreach mórthimpeall. Déanfar coigeartú bliantúil ar dhearbhspriocanna, ag brath ar réimse cúinsí doshrianta ar nós leithdháileadh maoinú, cionroinnt na mac léinn, cuóta foirne agus riocht eacnamaíoch na tíre.
- Beidh ITL ina mhórsholáthróir i gcónaí ar son grúpaí neamhthraidisiúnta nach bhfuil ionadaíocht líonmhar acu san oideachas lánaimseartha, sásóidh sí nó sáróidh sí na tairgéidí atá leagtha síos ag an HEA atá nasctha le samhail maoinithe na hearnála. Spreagfar modhanna malartacha iontrála ar nós iontráil dhíreach, iontráil ar chéim chun cinn, agus aistriú.
- Méadóidh ITL an soláthar le haghaidh deiseanna oideachais ar feadh an tsaoil mar áis d'fhoghlaimeoirí ar mian leo tabhairt faoin oideachas ar bhonn páirt-aimseartha nó solúbtha. Cuirfear cláir oíche, dámhachtanna speisialta, cláir fhor-rochtana, seachadadh ar líne, cláir ghníomhaithe sa mhargadh saothair, foghlaim obairbhunaithe agus

samhlacha cros-síolracha ar fáil le tacaíocht na teicneolaíochta. Cuirfear na deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil seo ar fáil d'fhoghlaimeoirí aonair, don tionsclaíocht, do chomhlachtaí poiblí, do phobail agus d'fhorais ghairmiúla.

- Cuirfidh ITL go mór lena phunann deiseanna iarchéime, i gcláir mhúinte agus taighde araon ar mhaithe le cosáin nua a chruthú do mhic léinn trí leibhéil cháilíochta 9 agus 10. Díreofar sna cláir mhúinte agus taighde seo chomh maith ar fhoghlaimeoirí lánfhásta agus féadfar iad a thairiscint ar bhonn modúlacht agus solúbtha, ar nós dioplómaí speisialta a sheachadfar don tionsclaíochta. Beidh cumas ITL an sprioc seo a sheachadadh faoi réir ag srianta maoinithe ar an institiúid féin agus ar an fhoghlaimeoir araon.
- Méadóidh ITL líon na bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta, de réir bheartas an Rialtais (AE agus neamh-AE, ar scéimeanna íoc táillí chomh maith le scéimeanna malartaithe). Déanfar na foghlaimeoirí sin a earcú ar bhealach spriocdhírithe sa áit a bhfuil cumas cheana agus inar féidir naisc a dhéanamh le comhpháirtithe idirnáisiúnta. Beidh cláir tacaíochta fochéime, iarchéime agus tacaíocht do ghorlanna fiontraíochta i measc na gclár a bheidh á dtairiscint d'fhoghlameoirí idirnáisiúnta. Mar fhoras a tháinig go measartha déanach ar straitéis earcaíochta idirnáisiúnta, beidh aird ag ITL ar cheachtanna atá foghlamtha san earnáil cheana.
- Tabharfar tacaíocht dhóthanach d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta agus iad ag teacht isteach, trí naisc le teaghlaigh áitiúla mar shampla agus trí chóras páirtíochta nua faoi scáth Aontas na Mac Léinn. Spreagfar foghlaimeoirí ITL freisin le taithí idirnáisiúnta a fháil, m.sh. trí shocrúcháin oibre nó staidéir thar lear. Déanfar comhpháirtíochtaí nó líonraí atá againn cheana féin le forais san AE agus i Florida, SAM a chothú agus a dhoimhniú; déanfaidh ITL iarracht chomh maith a dteagmhálacha domhanda a leathnú amach le comhpháirtíochtaí sa tSín agus san India.
- Déanfaidh ITL a scóip idirnáisiúnaithe a uasmhéadú le soláthar comhoibríoch trasnáisiúnta ar chláir céime le comhpháirtithe roghnaithe idirnáisiúnta mar atá sainmhínithe faoi bheartas náisiúnta.

" -

- ."

-

."

(An Straitéis Náisiúnta Ard-Oideachais go dtí 2030, Moltaí 4 agus 16)

2. Teagasc

Tá glactha ag ITL le fealsúnacht shainiúil aclaí oideachasúil, a aithníonn go mbeidh ar ár gcéimithe feidhmiú sa láthair oibre réigiúnach chomh maith leis an láthair oibre idirnáisiúnta agus sa phobal i gcoitinne.

- Tá fealsúnacht i leith na foghlama gníomhaí ag ITL a thuairiscítear ina cháipéis Straitéis Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe (TFM) agus atá luaite i gCoimre Straitéisí don Fhoghlaim Ghníomhach atá ar fáil do gach balll foirne. Beidh an straitéis seo á neadú agus á feidhmiú go leanúnach ag ITL i seachadadh agus i bhforbairt an chláir acadúil ar fud na heagraíochta i gcoitinne. Cothaíonn ITL smaointeoireacht chruthaitheach, nuálach neamhspleách agus breisítear ionchais fostaíochta trí scileanna inaistrithe a thabhairt don fhoghlaimeoir chomh maith le heolas agus inniúlachtaí den scoth ina ngairm féin.
- Tugtar tacaíocht don straitéis foghlama lánghníomhach TFM seo le háiseanna agus le teicneolaíocht chuí agus le trealamh úrscothach agus comhábhair sa seomra ranga agus lasmuigh de, ar nós an Ionad Ríomhaireachta agus na Leabharlainne agus Ionad na nAcmhainní Faisnéise. Is féidir leis an fhoghlaim ghníomhach dul ar aghaidh in aon suíomh, sa saotharlann, i stiúideo, i socrúchán oibre, i ngrúpa féinstiúrtha nó ar thasc aonair cianrochtana, nó i léacht idirghníomhach. Féadfaidh Timpeallacht Foghlama Fhíorúil (TFF) nó ardáin líonraithe nó gairmiúla shóisialta a bheith i measc na n-áiseanna agus na dteicneolaíochta seo. Tá forbairt foirne (ar nós cáilíochtaí breise) i gcur chuige oideolaíoch agus éagsúlacht i stíleanna foghlama mar bhun don bhfealsúnacht TFM.

" -
-

. (An Straitéis Náisiúnta Ard-Oideachais go dtí 2030, Moltaí 5/6)

-oideacha

. (An Straitéis Náisiúnta Ard-Oideachais go dtí 2030, Moladh 8)

- Tá sé d'aidhm ag ITL punann chothromaithe de chláir modúlaithe fochéime a chothabháil agus a thógáil a uasmhéadaíonn deiseanna do mhic léinn agus a thacaíonn le próifíl agus le hinmharthanacht gach campas i Luimneach agus i dTiobrad Árann. Féadfar forbairt nua a dhéanamh ar chláir fhochéime i ndisciplíní gaolmhara sna fearainn atá againn cheana, nó i bhfearainn neamhghaolmhara nó nideoige nua faoi réir ag cumas an mhargaidh agus saineolas na foirne agus na hacmhainní fisiciúla a bheidh ar fáil. Ba cheart go bhfeidhmeodh an phunann seo mar chatalaíoch agus mar thiománaí don fhorbairt inmharthanach eacnamaíoch, shóisailta agus chultúrtha inár réigiún.
- Cinnteoidh ITL ábharthacht leanúnach na gclár i leith riachtanais náisiúnta agus réigiúnacha ar bhealach nuálach, trí chomhairliúchán agus idirbheartaíocht le tionsclaíocht agus leis an phobal, agus beidh anailís riachtanais agus taighde margaidh ag cothú fhorbairt agus athbhreithniú ár gclár.

- Beidh cuideachtaí ilnáisiúnta, cuideachtaí dúchasacha beaga agus meánmhéide, an eacnamaíocht tuaithe, an earnáil phobail agus dheonach, agus na gníomhaireachtaí ábhartha rannpháirteach san idirbheartaíocht. Beidh páirt ghníomhach ag céimithe san anailís seo, m.sh. i ngrúpaí fócais agus i suirbhéanna.
- Déanfaidh ITL cothabháil agus feabhsúchán leanúnach ar a idirghabháil le tionsclaíocht agus leis an tsochaí le cláir a sheachadadh, trí aoi-léachtóireachtaí agus fóraim idirchaidrimh poiblí mar shamplaí. Bíonn teastasú seachtrach suntasach á thairiscint freisin ag ITL m.sh trí eagraíochtaí gairmiúla, d'fhonn luach na gcáilíochtaí a fhaigheann na céimithe a bhreisiú.
- Mar gheall ar athruithe san ionchas eacnamaíoch, agus éabhlóid an mhargadh saothair domhanda, ní mór do ITL tuilleadh idirnáisiúnú a dhéanamh ar an gcuraclam. Is gá do chéimithe a bheith in ann amharc thar na teorainneacha agus beidh sé seo á léiriú sna cláir acadúla.

"

- - -

-

- *, agus a spreagfaidh sin".* - 2030, Moladh 14)

" -
idir." - 2030, Moladh 15)

- I gcomhlíonadh an bheartais náisiúnta i leith Rochtain, Aistriú agus Dul chun Cinn, beidh cosáin fhorásacha á dtairiscint ag ITL d'fhoghlaimeoirí isteach sa Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta ag leibhéil 6-9 + 10. Beidh roghanna solúbtha modúlacha ar fáil sna cosáin seo d'fhoghlaimeoirí, ar nós pointí iontrála ionracha, modúil thoghchacha agus modúil pháir-aimseartha.
- Bunófar córas feabhsaithe Aitheantas do Réamhthaithí agus do Réamhfhoghlaim (ARR), maraon le treoir don fhoghlaimeoir ionchasach. A oiread is féidir, déanfar cláir a fhorbairt le haird ar ARR mar áis d'fhoghlaimeoirí aibí neamhchaighdeánacha. Is gá tabhairt faoi na himpleachtaí éagsúla a eascraíonn as aitheantas a thabhairt do réamhfhoghlaim fhoirmiúil agus do réamhfhoghlaim ó thaithí; baineann tábhacht ar leith leis seo nuair a thagann foghlaimeoirí aibí go ITl agus iad i ngéarghá a scileanna a fheabhsú d'fhonn a n-ionchais fostaíochta a fheabhsú.
- Tá cur chuig éifeachtúil sofaisticiúil ag ITL i leith córais agus próisis dearbhú cáilíochta. Tá ár nDearbhú Cáilíochta de réir na gcaighdeán agus na dtreoirlínte do Limistéar Ard-Oideachais na hEorpa, agus de réir na dtreoirlínte agus na gcritéir náisiúnta le haghaidh nósanna imeachtaí DC a bheidh faoi mhaoirseacht ag an ngníomhaireacht chomhtháite Qualifications and Quality Assurance Ireland (QQAI). Tá an fhoireann eolach ar an gcleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr sa saol acadúil agus sa ghairm. Sa chéad

chéim eile d'fhorbairt DC, tabhairfimid faoi thagarmharcáil fhorasach le ceann nó níos mó dár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta.

- Feabhsóidh ITL an lúb aischothaithe, ag bailiú sonraí faoi léargas an fhoghlamóra agus a luachálacha le súil le gníomhú de réir na faisnéise seo agus cumarsáid a dhéanamh ar ais leis na foghlaimeoirí. Bainfear úsáid as struchtúir fhoirmiúla ar nós grúpaí idirchaidrimh foirne agus mac léin, boird cláir agus Fochoiste den Chomhairle Acadúil. Úsáidfear chomh maith córais thagarmharcála le leibhéil seirbhíse a thomhas sa timpeallacht foghlama mar atá curtha ar bun in Leabharlann ITL. Déanfar suirbhéanna áitiúla agus / nó idirnáisiúnta agus cuirfear grúpaí fócais tiomnaithe ar bun le haghaidh téamaí ar leith. Is í an phríomhaidhm atá le haiseolas oibíochtúil cáilíochtach dá leithéid a bhainiúl a fháil amach an bhfuil an léargas céanna de luachanna, d'fheidhmíocht DC, de phróifíl agus d'fhealsúnacht oideachais na hInstitiúide á roinnt agus á dhearbhú ag na foghlameoirí.
- Bíonn próifílí sainiúla céimithe mar thoradh ar chur chuige ITL i leith torthaí teagaisc agus foghlama; tá cáil ar na céimithe ar son a ndearcadh pragmatach, dírithe ar thorthaí, eiticiúil agus fiontraíoch. Bíonn ITL ag cur le cruthú an eolais sa réigiún lenár gcéimithe. Is féidir le ITL na próifílí céimithe seo a chur in iúl d'fhostóirí agus do pháirtithe leasmhara eile, agus iad miondealaithe de réir réimse disciplíne. Faightear deimhniú go rialta air seo trí aiseolas a fhaightear ón tionsclaíocht agus ón phobal i gcoitinne, agus ó líonraí alumni.

" -

-

." - 2030, Moladh 2)

"*Is straitéis í an Fhoghlaim Ghníomhach a spreagann mic léinn le bheith ina rannpháirtithe gníomhacha sa phróiseas foghlama, agus a ligeann dóibh seilbh a ghlacadh ar a gcuid oideachais féin. Ag nascadh teoiric agus cleachtas le chéile, cuireann mic léinn a gcuid foghlama i bhfeidhm agus forbraíonn siad a gcuid eolais trí chleachtaí réitheach faidhbhe, staidéir ar chásanna, smaoineamh agus gníomhaíochtaí eile. Dá thoradh sin bíonn céimithe oilte le forbairt leanúnach phearsanta agus ghairmiúil a dhéanamh."*

Tá fealsúnacht oideachasúil ITL dírithe dá bhrí sin ar thuiscint agus ar inniúlacht níos doimhne a fháil ar na croí-réimsí staidéir, agus ar scileanna cineálacha a fháil ionas go mbeidh céimithe lánchumasacha á gcur amach againn" (Straitéis Teagaisc, Foghlama agus Meastóireachta ITL)

3. Tacaí d'Fhoghlaimeoirí

Tá sé d'aidhm ag ITL timpeallacht foghlama d'ardchaighdeán a thairiscint a thabharfadh tacaíocht do gach cineál foghlameora (lánaimseartha, páirtaimseartha, idirnáisiúnta, grúpaí tosaíochta - ag gach leibhéal den Chreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí ó phrintísigh go fochéimithe agus iarchéimithe).

- I measc na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil do mhic léinn ITL tá ionduchtú agus meantóireacht ar fáil do gach mac léinn le linn a gcéad bhliana in ITL; teagasc feabhais (faoi réir acmhainní foirne); cóitseáil; comhairleoireacht; rochtain; leigheas; séiplíneach/cúram tréadúil; comhairle gairme; líonra mic léinn aibí; oifig idirnáisiúnta agus tacaíocht teanga; clubanna spóirt agus cumainn. Thar saolré an plean is mian le ITL seirbhísí tacaíochta d'ardcháilíocht a sholáthar i ngach suíomh ar fud ár réigiún, ar laethanta sonraithe ar a laghad. Déantar athbhreithniú go bliantúil ar éifeachtúlacht, leibhéal úsáid agus brúphointí ar fud lánspeictream seirbhísí na mac léinn agus déantar coigeartú riachtanach orthu de réir mar is féidir.
- Tá Creatlach Litearthachta Faisnéise forbartha ag ITL le trí chomhpháirt ionas go mbeidh foghlaimeoirí eolach, taithíoch agus inniúil chun faisnéis atá ar fáil trí acmhainní na leabharlainne a fháil, a thuiscint agus a chur in iúl.
- Tá aird ag ITL ar athruithe i bpróifíl dheimeagrafadh nó shóisialta na bhfoghlaimeoirí agus ar aon ghá atá le tacaí spriocdhírithe a d'fhéadfadh a bheith ag méadú agus cúinsí níos deacra ann don tsochaí. Déantar cinnte go mbíonn na mic léinn eolas ar na tacaí seo trí fhoilseacháin inmheánacha, ionduchtú agus na meáin shóisialta chuí. Aithníonn ITL an míchothromas stairiúil a bhain le leithroinnt acmhainní tacaíochta do mhic léinn idir foghlaimeoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha ar chláir chreidiúnaithe agus beidh siad ag tacú le beartas an rialtais ina leith seo. Aithnímid áfach an dúshlán atá roimh réimse iomlán na seirbhísí tacaíochta a thairiscint do gach cineál foghlaimeora agus ní mór dúinn na himpleachtaí a athbhreithniú.
- Tá cáil ar fhoireann ITL i bhfoilseacháin dheimhnithe ar nós Bairiméadar Mac Léinn an AE ar son a gcur chuige pearsanta i leith foghlaimeoirí sa scéim fhoirmiúil meantóireachta, i bhfealsúnacht oideachasúil na foghlama gníomhaí agus a sainmheon ginearálta. Thar saolré an phlean straitéisí seo, cuirfear bearta ar bun sna campais go léir le tacú leis seo trí shaoráidí agus spásanna atá oiriúnach dá gcuspóir, lena n-áirítear leabharlanna, ionad ríomhaireachta le rochtain oscailte chomh maith le spásanna teagaisc le clár ama.
- Aithníonn ITL go gcuireann an chomhthimpeallacht ghinearálta agus rannpháirtíocht an fhoghlaimeora in imeachtaí sóisialta, cultúrtha nó spóirt lena n-áirítear obair dheonach, toise ríthábhachtach leis an timpeallacht foghlama. Cé gur minic a bhíonn na mic léinn féin i mbun na ngníomhaíochtaí seo, beidh áisiú agus tacaíocht na foirne ar fáil dóibh d'fhonn leanúnachas a spreagadh. D'fhéadfadh gníomhaíocht a bheith ar bun ar an gcampas nó as, chomh leis an timpeallacht fhíorúil agus na meáin shóisialta.

- Déantar monatóireacht ar fheidhmíocht coinneála agus críochnaithe ITL ar fud na Scoileanna agus déantar beart má léiríonn an anailís seo aon réimsí ina bhfuil fadhbanna. Déanfar idirghabháil nuálach le foghlaimeoirí ITL a spreagadh lena gcumas a bhaint amach agus a bheith rannpháirteach go hiomlán ina gcuid oideachais.

"

- 2030, Moladh 4).

" -

." -

2030, Moladh 5)

4. Aistriú Eolais - Taighde

Beidh ITL rannpháirteach i dtaighde fheidhmeach nuálach i gcomhpháirtíocht le tionsclaíocht, ag tacú le oibritheoirí idirnáisiúnta chomh maith le hoibritheoirí dúchasacha. Dírítear sa taighde fheidhmeach seo ar réimsí saineolais acadúil atá ann cheana nó atá ag teacht chun cinn inár n-eagraíocht, agus a bheidh feabhsaithe ag na taighdeoirí cumasacha atáimid in ann a mhealladh chugainn.

- Tá ár neart faoi láthair i dtaighde feidhmeach: biteiceolaíocht, forbairt inmharthanach tuaithe, cinnteoireacht phobalbhunaithe, fuinneamh inathnuachana, monatóireacht agus bainistíocht chochshaoil, na meáin chruthaitheacha agus slándáil dhigiteach, cleachtas coimeádaíochta in ealaín agus dearadh atá tar éis go leor airgid a mhealladh ón taobh amuigh agus foilseacháin nó aschuir tionsclaíocha a spreagadh. Tabharfar faoi athbhreithniú leanúnach ar ár réimsí nideoige reatha agus ar nideoga nua nó gaolmhara a d'fhéadfaí a roghnú le haghaidh taighde feidhmeach.
- Tá sé d'aidhm ag ITL na méaduithe suntasacha i líon na bhfoghlaimeoirí iarchéime atá cláraithe ar chláir inár réimsí taighde nideoige a bhuanú.
- Bíonn curaclam ITL faoi threoir ag taighde tríd na naisc atá idir ár dtionscadail taighde feidhmeacha agus na cláir fhochéime. Beidh feidhmiú praiticiúil agus cur chuige bunaithe ar fhiosrú ag an leibhéal fochéime ann leis seo a threisiú go leanúnach.
- Tacóidh ITL leis an iarracht taighde, trí shaoráidí agus trealamh ar nós cúrsaí ar líne i litearthacht faisnéise agus i modhanna taighde don oideachas ceathrú leibhéal. Beidh a shíolchiste á oibriú i gcónaí ag ITL chomh maith d'fhonn taighde gníomhach a spreagadh i measc mic léinn agus lucht foirne, agus d'fhonn tuilleadh neartú a dhéanamh ar ár réimsí nideoige.
- Cuirfimid lenár gcumas maoirseoireachta taighde trí fhorbairt foirne go leibhéil cháiliúcháin 8 agus 9.

- Beidh oiliúint chineálach scileanna do fhoghlaimeoirí iarchéime á dtairiscint againn i gcomhar lenár gcomhghuallaithe, le héifeachtúlachtaí scála agus sinéirgeachtaí eile a fhorbairt.
- Beidh ITL a leanúint ar aghaidh le tairiscintí iomaíocha le haghaidh maoiniú taighde in Éirinn agus san AE agus níos faide ó bhaile, i gcomhar leis an tionsclaíocht áitiúil (idir ilnáisiúnta agus ghnóthais bheaga agus mheánmhéide), comhlachtaí poiblí agus pobail agus comhpháirtithe agus consortiaim náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tuigtear dúinn gur réamhchoinníoll é an comhoibiú le cumas taighde a fhorbairt.
- Ag tógáil ar stádas ITL mar fhoras faofa a chuireann cláir taighde ar fáil, beidh stádas údaráis tarmligthe á lorg againn ionas go mbeidh sé ar ár gcumas ár ndámhachtainí taighde leibhéal 9 agus 10 féin a dhéanamh sna réimsí roghnaithe ina bhfuilimid láidir.
- Leanfaimid ar aghaidh ag úsáid méadrachtaí aschuir mar phríomhtháscairí feidhmíochta lenár bhfeidhmíocht taighde a rianú agus tagarmharcáil a dhéanamh orainn féin i gcoinne institiúidí oideachais eile, ar nós: foilseacháin, comhdhálacha, taispeántais, paitinn, cearta Maoine Intleachtúil, forbairt nuatháirgí, comhpháirtíochtaí idirghníomhaíochtaí tionsclaíochta/nuála, comhairliúcháin pobail agus comhlachtaí san earnáil phoiblí, maoiniú tionscadail aimsithe ón AE agus ó fhoinsí lasmuigh den Státchiste.

- 2030, Moladh 3)

la."

."

- 2030, Moltaí 9 agus 12)

5. Aistriú Eolais - Forbairt na Fiontraíochta

Tá 'Dréimire Fiontraíochta ITL' ag ITL le tacaíocht ar leith a thabhairt d'fhiontraíocht nua, ina gcuimsítear speictream iomlán na bpróifílí luach saothair inár réimsí saineolais acadúla agus tacaíochta gnó. Tá sé d'aidhm againn Dréimire Fiontraíochta ITL a leathnú amach ar fud na gcampas sna réigiúin ina bhfuilimid ag oibriú, i gcomhar le comhpháirtíochtaí éagsúla le gníomhaireachtaí agus údaráis ábhartha Stáit chomh maith leis an bhfiontraíocht phríobháideach.

- Tríd an soláthar céimithe agus intéirnigh, tá cion mór á dhéanamh ag ITL ar son bonn eolais agus nuála inár réigiún agus lasmuigh de. Beidh monatóireacht rialta á dhéanamh againn air seo trínár suirbhéanna ar chéimithe agus tríd an idirghabháil le tionsclaíocht ar fud ár gceantair.
- Beidh raon clár tacaíochta agus forbartha gnó á ofráil go leanúnach againn le fiontraíocht dhúchasach a chothú: cláir bunaigh do ghnó féin i gcomhar le Boird Fiontraíochta; oiliúint le haghaidh saincheadúnaithe agus saincheadúnóirí ionchasacha; Clár lánaimseartha Brostú Fiontraíochta do chuideachtaí campais agus mac-chuideachtaí a d'fhéadfaí a leathnú amach go Tiobrad Árann (ach acmhainní a bheith ar fáil); gorlann do ghnólachtaí cliant Archumais Nuathionscanta le cumas easportála i gcomhar le Fiontraíocht Éireann.
- Déanfar tuilleadh forbartha ar shaoráidí agus ar chláir Dhréimire Fiontraíochta ITL do champais éagsúla de réir mar a bhíonn siad ábhartha agus indéanta sa chomhthéacs áitiúil agus i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla. I Luimneach tá siad seo lonnaithe san Ionad Brostú Fiontraíochta agus in ionaid i lár na cathrach; i dTiobrad Árann beifear á dtairiscint trí Ionad Fiontraíochta Pobail Dhúrlas agus trí shaoráid nua i gCluain Meala (suíomh Bhaile an Gharráin).
- Tar éis cabhrú le 150 post a chruthú sa cheithre bliana tosaigh d'Ionad Brostú Fiontraíochta ITL, beidh tionchar intomhaiste againn go leanúnach ar fhoirmiú cuideachtaí nua, ar chruthú fostaíochta agus ar nuáil tríd na cuideachtaí atá againn mar chliaintí agus trí fheidhmeanna taighde feidhmeacha.
- Déanfaimid tráchtálú ar mhaoin intleachtúil trí chomhpháirtíochtaí nuála agus foirmeacha eile comhairliúcháin ina mbeadh mic léinn fochéime céad bliana mar shampla ag tabhairt faoi thionscadail thar ceann eagraíochtaí seachracha.
- Spreagfar foghlaimeoirí ITL le smaoineamh ar fhiontraíocht mar rogha gairme trí fheasacht seachchuraclaim agus trí chláir shamplacha, maraon le modúil neadaithe, sannachán nó cláir shainithe céime laistigh d'fhoireann curaclam ITL.
- Cothóimid naisc níos láidre idir lucht acadúil agus foghlaimeoirí i nDréimire Fiontraíochta ITL lena chláir agus a shaoráidí, trí aoiléachtanna, tascanna praicitiúla ina mbeidh mic léinn nó céimithe ag cuidiú le cuideachtaí nuathionscanta, nó naisc níos struchtúrtha le ranna acadúla.

"*Ba chóir d'Institiúidí Teicneolaíochta díriú níos mó ar thaighde fheidhmeach agus ar thacaíocht forbartha níos gaire don mhargadh agus ar thacaíocht fiontraíochta, le toise*

criticiúil tacaíochta réigiúnach." - 2030, l. 70
maidir le 'Éagsúlacht Misean Institiúideacha')

Fearann B - Inmharthanacht Institiúideach

Uaillmhian i dtreo 2020: Timthriallacha Pleanála níos giorra:

Conas is féidir linn ár bpróifíl a chumasú leis na hacmhainní atá againn?
Cad atá ag teastáil go sonrach uainn - Cad atá againn cheana féin, cad iad na bearnaí atá ann agus conas is féidir linn tabhairt fúthu?

" -

.

-u

.,"(- 2030, Moladh 25)

6. Pobal

Is iad na cúínsí spreagtha is mó d'fhoireann ITL an cultúir bróid agus dílseachta i leith na bhfoghlaimeoirí, na gcéimithe agus chliaintí eile ITL, agus cultúr bróid agus dílseachta i leith ITL mar eagraíocht uileghabhálach agus i leith a chonar forbartha sna laethanta athruithe agus trasdula seo.

- Táimid tiomanta do eagraíocht chomhtáite a thógáil tar éis an cónascadh le hInstitiúit Thiobrad Árann, mar a mothóidh an fhoireann go léir go bhfuil meas orthu agus gur cuid de 'theaghlach ITL' atá iontu.
- Léiríonn an fhoireann a mbród agus a ndílseacht do na foghlaimeoirí, do chéimithe agus don eagraíocht i gcoitinne, ní hamháin ina ndualgais rialta ach trí chomhoibriú agus rannpháirtíocht le mórimeachtaí ar nós searmanais bhronnadh céime, taispeántais deireadh bliana, imeachtaí gairme, margaíocht agus fógraíocht sheachtraíocht.
- Cuirfear beartais agus cleachtais aonfhoirmeacha AD i bhfeidhm ar fud na heagraíochta, de réir treoracha agus comhaontuithe náisiúnta le haird ar an gcleachtas is fearr san earnáil.
- I ndlúthchomhrá le Scoileanna agus réimsí feidhme beith feidhm AD ITL ag déanamh monatóireachta ar fhaisnéis thábhachtach, ar nós sonraí próifíle foirne, earcú agus imscaradh foirne, aistrithe inmheánacha, asláitheachas agus caiteachas ar fhorbairt agus oiliúint foirne.

- Beidh meicníochtaí éifeachtúla faisnéise agus comhairliúcháin á gcur i bhfeidhm go leanúnach againn ar fud an ITL méadaithe, agus cainéil struchtúrtha cumarsáide mar bhonn dóibh.
- Cothóimid timpeallacht oibre ina mbeidh daoine ag tacú le chéile (idir piaranna ar fud na gcampas; idir caidrimh fheidhmiúla agus ordlathacha). Eascróidh an timpeallacht comhthacúil seo as sainmheon a bheidh dírithe ar an fhoghlaimeoir agus ar chliaintí eile.
- Beidh pleananna forbartha pearsanta agus pleananna forbairt foirne á gcur i bhfeidhm go leanúnach againn faoi na Córais Bainistiú Feidhmíochta agus Forbartha don earnáil, de réir na dtosaíochtaí straitéiseacha agus oibriúcháin. Cuirfear na pleananna seo in oiriúint do sholáthar ár gclár acadúil, do na huaillmhianta taighde agus foghlama agus do na riachtanais maidir le riarachán agus tacaíocht. Faoi Bheartas Forbairt Foirne ITL tabharfar tacaíocht do phleananna aonair, m.sh. cáilíochtaí níos airde a bhaint amach, agus do thograí forbairt foirne ar fud na hInstitiúide ar nós seimineáir teagaisc agus foghlama agus soghluaisteacht idirnáisiúnta lucht foirne.
- Bhí cuid mhaith d'fhócas na bpleananna roimhe seo dírithe ar chórais TCF a fheabhsú le ITL a chur ar thús cadhnaíocht i soláthar na teicneolaíochta. D'éirigh go measartha maith leis an straitéis seo agus le cothabháil leanúnach ar na caighdeáin TCF a baineadh amach is féidir le ITL an teicneolaíocht a thabhairt isteach níos mó sa timpeallacht teagaisc agus foghlama agus an fhoireann acadúil a chur á húsáid sa seomra ranga agus go ginearála, trí oiliúint leanúnach spriocdhírithe.
- Beidh ITL ag oibriú le struchtúr eagrúcháin comhtháite solúbtha a oiriúnóidh an straitéis atá glactha don eagraíocht agus a thuigeann na castachtaí a bhaineann le suíomhanna iargúlta a bhainistiú.
- Taispeánfaimid rialachas agus ceannaireacht éifeachtúil de réir na gcódanna rialachais agus na gcódanna iompar náisiúnta atá bunaithe, cibé acu le linn amanna ina mbíonn athrú nó amanna ina mbíonn cobhsaíocht.
- Beidh comhaontuithe náisiúnta á bhforfheidhmiú ag ITL i gcomhthéacs bheartais náisiúnta agus athchóiriú na hearnála poiblí, i gcomhairle le ceardchumainn na foirne.

" - - -

, innealto , eal

-

2030, leathanach 13)

7. Cumarsáid

Déanfaidh ITL cumarsáid éifeachtúil éifeachtach le foghlaimeoirí, alumni, fostóirí, lucht foirne, páirtithe leasmhara agus leis an daonra i gcoitinne a baint úsáide as na meáin is oiriúnaí. Léiríonn sé seo tiomantas ITL i leith faisnéis chruinn inrochtana a sholáthar i dtaobh foráil, nósanna imeachta agus feidhmíocht; agus ár dtiomantas i leith ár bpróifíl réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta a ardú.

- Bainfimid úsáid as straitéis margaíochta a léireoidh an suíomh ilchampais agus réimse leathan na gclár atá á dtairiscint. Roghnófar meáin do bhloghanna sonracha den mhargadh de réir na straitéise seo agus bainfear úsáid ag uirlisí ar nós Córais Bhainistiú Caidreamh Custaiméirí leis an bhfócas a chinntiú.
- Beidh ár neart agus ár rath á gceiliúradh againn, le taca nuachtlitreacha agus beartas caidreamh poiblí réiteoidh le misean, fís agus luachanna na hInstitiúide. Neartófar muinín an phobail in ITL leis seo agus cuirfidh sé bonn le mothúchán bróid agus céannachta i measc mic léinn agus lucht foirne, agus spreagfar iad le creidiúint a ghlacadh ar son a gcuid gnóthachan.
- Déanfaimid céannacht bhranda uileghabhálach ITL a fhorbairt agus a neartú tuilleadh maraon leis na fo-bhrandaí láidre atá laistigh de, go háirithe cúig scoil ITL, a hIonaid Taighde agus a hIonaid Fiontraíochta.
- Bunófar grúpaí fócais de na príomhpháirtithe leasmhara (m.sh. Institiúid na gComhairleoirí Gairme, fóraim áitiúla gnó nó pobail) le cinntiú go mbeidh éifeacht lenár gcláir, ár seirbhísí agus ár gcumarsáid).
- Beidh ITL rannpháirteach i dtograí náisiúnta a chuireann an tríú leibhéal chun cinn mar rogha (m.sh. Seachtain na bhFoghlaimeoirí Aosacha).
- Nuair is infheidhme, glacfaidh ITL le ballraíocht i gcomhpháirtíochtaí d'fhonn an réigiún a chur chun cinn mar áit tharraingteach cónaithe, oibre agus shóisialta.
- Glacann foireann ITL le cumarsáid agus tá siad tiomanta do chumarsáid éisteachta agus tuisceana chomh maith le teachtaireachtaí cruinniú, béasacha tráthúla a chur amach.
- Déanfar ardáin dhinimiciúla idirghníomhacha de shuíomh idirlín agus de thairsigh gréasáin ITL, mar rogha ar fhaisnéis a chur i láthair ar an mbealach traidiúnta aontoiseach. Bainfear níos mó úsáide as ilmheáin agus is iad a bheidh mar phríomhfheithiclí le misean, obair agus idirghabháil ITL lena phobail inmheánacha agus seachtracha a chraobhscaoileadh.
- Déanfaimid forbairt leanúnach ar an Timpeallacht Fhíorúil Foghlama mar bhonn dár straiséisí oideolaíocha agus ár dtacaí d'fhoghlaimeoirí. Beidh sé seo ag cur leis an tairseach atá ann cheana do mhic léinn agus go chláir faisnéise litearthachta.

8. Áiteanna

Stiúróidh timpeallacht fhisiciúil foghlama ITL an fhealsúnacht teagaisc agus foghlama atá glactha ag an Institiúid agus déanfaidh sí freastal sásúil ar riachtanas gach úsáideora: foghlaimeoirí, foireann agus cuairteoirí.

- Léiríonn An Máistirphlean d'Fhorbairt an Champais go dtí 2025 don phríomhchampas ag Maigh Lise ceithre chrann taca straitéiseacha ITL i leith an oideachais, na fiontraíochta agus na rannpháirtíochtaí agus i leith caighdeáin cháilíochta ITL.

- Forbrófar máistirphleananna le haghaidh fhorbairt chaipitiúil i gcampais eile, lena n-áirítear Sráid an Chláir, Cé Sheoirse, Dúrlas agus Cluain Meala (láthair Bhaile an Gharráin) mar a bhfuil líon na mac léinn agus saoráidí fiontraíochta nó T & F á leathnú.
- Tugann caighdeáin ITL le haghaidh bonneagar agus saoráidí d'fhoghlaimeoirí buntaca dár gcláir agus dár seirbhísí acadúla. Ar mhaithe le timpeallacht foghlama iomlánaíoch, clúdaítear spásanna teagaisc, leabharlainne agus TF agus seirbhísí ginearálta do mhic léinn, sna caighdeáin seo. Ní mór saoráidí agus cóireáil nua-aimseartha spóirt a chur ar fáil chomh, i gcomhar le comhpháirtithe b'fhéidir.
- Tá lánúinéireacht agus lánfhreagracht as trí champas ag ITL i gCathair Luimnigh (Maigh Lise, Sráid an Chláir agus Cé Sheoirse) agus dhá champas i dTiobrad Árann (Dúrlas agus Cluain Meala). Cuireann ITL raon beag clár ar fáil chomh maith ar láitheacha for-rochtana nach bhfuil inár seilbh (Inis, Pálás Chaonraí, lár Chathair Luimnigh). Sa phunann eastáit atá i seilbh iomlán againn, tugaimid aitheantas agus cothú do charachtar agus do ról gach campais ar leith, a oireann dá sholáthar clár agus a nascann é leis an réigiún agus leis an bpobal. Beidh an carachtar sainiúil ag eascairt as an bhfoirgneamh agus a áiseanna agus neartófar é le próifíl na bhfoghlaimeoirí, áiseanna dílsithe do mhic léinn agus taispeántais dá gcuid oibre.
- Beidh anailís spásúil á déanamh go leanúnach ag ITL chomh maith ar rátaí sealúchas faoi fheidhm na nEastát. Mar chuid de na hathbhreithnithe breathnófar ar úsáid níos straitéisí agus níos solúbtha spáis agus ama, mar shampla i seomra ilchuspóra agus úsáid níos fearr a bhaint as bliain an fhéilire.
- Déanfar leathnú nó athchóireáil mar is gá agus mar is indéanta, mar thaca d'fhorbairt na gclár agus don bhfás i líon na mac léinn. Sa chomhthéacs seo tá riachtanas le haghaidh níos mó spáis teagaisc á fhortheilgean do champais Thiobrad Árann de réir mar a bheidh líon na mac léinn ag méadú agus mar a úsáidfear an cumas foirne atá ann cheana faoi phlean inmharthanachta. Beidh spás breise á shaoradh i Luimneach nuair a bheidh Ionad Acmhainní na Leabharlaine agus na Faisnéise críochnaithe (LIRC). Déanfar athbhreithniú gníomhach ar athmhúnlú an spáis seo sa Mháistirphlean atá á fhorbairt.
- Glacfaidh ITL leis an gcleachtas is fearr d'fhonn a inmharthanacht a chinntiú i mbainistiú eastát ó thaobh an chomhshaoil. Tá oibleagáid ar an Institiúid tuairisciú chuid an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha faoina thomhaltacht bhliantúil fuinnimh, agus go háirithe faoi na bearta atá á bhfeidhmiú chun í a laghdú tuillleadh. Le méadú ar rialú agus úsáid teicneolaíochtaí níos fearr laghdófar an t-éileamh fuinnimh.
- Tá an Institiúid lántiomanta do Phlean Bainistiú Soghluaisteachta atá á fhorbairt faoi láthair do Champas Maigh Lise agus do na campais eile níos déanaí. Is é cuspóir an Phlean Bainistiú Soghluaisteachta taisteal inmharthanach a chur chun cinn chuig an gcampas agus uaidh agus obair i gcomhpháirtíocht leis an údarás áitiúil, le lucht foirne agus le mic léinn leis seo a bhaint amach.
- Glacfar le cleachtais ríomhaireachta atá inmharthanach ó thaobh comhshaoil (TF Glas) le timpeallachtaí campais ITL a bhreisiú trí ríomhairí, seirbheálaithe, agus na fochórais a ghabhann leo a fháil, a úsáid agus a dhiúscairt, agus díreofar go háirithe ar thomhaltacht fuinnimh agus ar athchúrsáil.

- Déanfar cothabháil agus forbairt leanúnach ar an mbonneagar Teicneolaíocht Cumarsáide agus Faisnéise le ITL a choinneáil ar thús cadhnaíochta i soláthar seirbhíse TCF mar áisiú theagasc agus foghlaim, agus ar thaighde, le béim ar leith ar líonraí breithithe, mórchumas stórála sonraí agus teicneolaíocht an tseomra ranga.
- Cinnteoidh ITL go ndéanfar cothabháil ar chaighdeáin inrochtana d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ar fud na gcampas.

-oideachais -

2030, Moladh 1)

9. Córais

Tá gnéithe teicniúla agus daonna ag córais a mbíonn orthu tacú le hoibriú réidh na hInstitiúide. Beidh na córais seo ag forbairt agus ag feabhsú go leanúnach, de réir na dtuiscintí agus na dteicneolaíochtaí is déanaí agus féadfaidh siad a bheith faoi réir ag athbhreithnithe ar a bpróiseas gnó ó am go ham.

- Beidh próisis agus nósanna imeachta riaracháin bháúla agus inrochtana ann don fhoghlaimeoir.
- Beidh ITL gníomhach i bhfoirmiú ionaid chomhroinnte seirbhísí don earnáil, de réir bheartas an rialtais. Is sampla é Líonra Soláthair Chonsoirtiam na Sionnaine de sheirbhís chomhroinnte.
- I gcomhthéacs chuimsiú Institiúid Thiobrad Árann in ITL, déanfar lárnú fíorúil seirbhísí agus córas a fhordheidhmiú ar bhealach a úsáidfidh acmhainní foirne, a roinnfidh an t-ualach oibre amach ar bhonn chothrom agus a sholáthróidh leibhéil seirbhíse den scoth.
- Beidh feidhmeanna iniúchóireachta inmheánacha agus seachtracha ITL géilliúil do na cóid rialachais agus na cóid iompair is déanaí.
- Déanfar forbairt ar na córais bhainistiú faisnéise mar bhonn do bhainistiú éifeachtúil faisnéise riaracháin agus ar an gcumas chun an fhaisnéis sin a iompú ina éirim inghníomhaithe rialachais le béim ar leith ar ollstóráil sonraí agus ar éirim ghnó.
- Úsáidfear seifteanna Éirim Ghnó le monatóireacht a dhéanamh ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTF) atá nasctha le Plean Straitéiseach ITL agus le cuspóirí atá leagtha síos ag an Rialtas nó ag gníomhaireachtaí maoinithe trí úsáid a bhaint as gléasra méadraithe sainchórithe agus tuairiscí beachta. Beidh cothromaíocht ann idir PTFí intomhaiste a bheidh dirithe ar inchur agus ar aschur.
- Cuirfear timthriallacha straitéiseacha pleanála agus PTFí go caomh le timthriallacha tagarmharcála dearbhú cáilíochta seachtracha ar nós an tAthbhreithniú Institiúide gach cúigiú bliain.
- Beidh samhlacha bainistiú riosca neadaithe i mbainistíocht rialachais, straitéiseach agus oibriúcháin, leis an disciplín le iad a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn cinntí tábhachtacha le déanamh.

- 2030, Moladh 17)

10. Cistí

Ag tógáil ár an seasamh folláin airgeadais atá againn, is gá do ITL straitéis bainistíú airgeadais a fhorbairt a chuirfidh réasúnaíocht uileghabhálach ar fáil le haghaidh beartas, cinnteoireachta agus freagairt do dhúshláin sa timpeallacht oibriúcháin ina bhfuilimid.

- Déanfar athbhreithniú go leanúnach ar impleachtaí na spriocanna agus na n-uaillmhianta ar acmhainní atá luaite sa cháipéis seo agus déanfar iad a lesú sna pleananna forfheidhmithe.
- Beidh samhlacha leithdháilithe a úsáidtear go hinmheánach ina scáthán ar na córais maoinithe a úsáidtear san earnáil nuair is féidir, ach iad maolaithe de réir chuspóirí an Phlean Straitéisigh.
- Déanfaimid uasmhéadú ar mhaoiniú atréimhseach Stáit de réir fhorfheidhmiú chostáil aonaid don (sean)aonad ITL, agus coinneoimid an bonn maoinithe don (sean)aonad IT sa tréimhse imfhálaithe 5 bliana atá aontaithe leis an DES agus an HEA Nuair a bheidh an tréimhse imfhálaithe thart, beidh oibríochtaí ar fud an ITL méadaithe ag teacht leis na gnáthpharaméadair san earnáil.
- Déanfaidh ITL a bheartais agus a nósanna imeachtaí a choigeartú mar is gá faoi aon athruithe i réimeas chionroinnt na mac léinn, mar shampla de bharr ailíniú struchtúir táillí do chláir chreidiúnaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha.
- Méadófar sruthanna ioncaim neamh-Státchiste trí sheirbhísí oideachasúla agus neamhoideachasúla a thairiscint, d'fhonn ár dtuilleamaí ar an deontas Stáit a laghdú agus d'fhonn tacú lenár gcroí-oibriúcháin. D'fhéadfadh foinsí Éireannacha agus idirnáisiúnta san earnáil phríobháideach a bheith san áireamh sna sruthanna ioncaim seo.
- Cuirfidh ITL go leor cistí ar leataobh do chothabháil, athnuachan trealaimh (ath)fhorbairt agus nuáil, mar a léirítear i gcóibhéiseanna airgeadais i mbuiséidí agus i gcuntais.
- Iarrfar cistí forbartha caipitil ón Stát agus ó fhoinsí malartacha, trí ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgid mar shampla.
- Bunóidh ITL bord comhairleach seachtrach le breathnú ar iarrachtaí tiomsaithe airgid, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm ranníocaíochtaí daonchairdiúla comhchineáil nó i bhfoirm airgid. Beidh na ranníocaíochtaí seo dírithe ar ghníomhaíochta tosaíochta agus ar thionscadail de réir ár bpleananna faofa straitéiseacha.
- Beidh feidhmíocht leanúnach éifeachtúil á léiriú ag ITL i gcomhthéacs na dtagarmharcanna agus na samhlacha maoiithe don earnáil, rud a neartóidh ár gcumas chun ár gcuid seirbhísí a sheachadadh.

" -

-

. - 2030, Moladh 26)

"*Ní mór an chuid den chostas iomlán a fhaightear trí infheistíocht neamh-Státchiste a mhédú go norm idirnáisiúnta* - 2030, lch. 111)

Fearann C - an Comhshaol

Uaillmhianta i dtreo 2020: Timthriall Plean níos Giorra go dtí Meán Fómhair 2012:

Cad é an dearcadh leathan faoi cén chuma a bheidh ar an tírdhreach?

Cad iad na rioscaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha agus na deiseanna?

Is féidir creatlaigh agus uirlisí ábhartha a úsáid le faire leanúnach a dhéanamh ar ár dtimpeallacht oibriúcháin. Bíonn sé deacair a leithéid d'anailís a dhéanamh mar gheall ar neamhchinnteachtaí sa bhaile agus thar lear. Ní mór dúinn áfach oibriú de réir na tuisceana atá againn féin ar ár misean, ár bhfís agus ár gcumas chun ár gcion a dhéanamh go tógálach. Cuireann an roinn seo den cháipéis idirghníomhaíocht ITL leis an gcomhshaol in iúl, agus conas mar a chuidíonn sé le múnlú an chomhshaoil, go háirithe san earnáil ardoideachais agus inár réigiún.

Ár réigiún - Tionsclaíocht agus an Pobal

Tá guth téagartha ag ITL sa réigiún agus is maith an t-éisteoir é chomh maith. Is í aidhm ITL a próifíl ceannaireachta a bhreisiú trí fhreagairt do riachtanais sa réigiún, chomh maith le tionchar a imirt mar thiománaí ar rath an réigiúin fiú in amanna mórdheacrachtaí.

- Tá scóip agus príomhcheantar leathan tíreolaíoch ag ITL mar atá sainmhínithe ag láithreacha campais i Luimneach, i dTiobrad Árann agus sna contaethe máguaird. Is féidir iad seo a fheiceáil ar léarscáil na hÉireann agus iad a cheangal le sonraí iarbhír deimeagrafacha agus le tréithe réigiúnacha eile de réir mar a thagann siad chun cinn. Tá sé d'aidhm againn ar a laghad ár láitheacht sna ceantair seo a bhuanú agus a mhéadú i gcásanna áirithe.
- Freastalaíonn an soláthar oideachais, oiliúna, taighde agus comhairliúcháin atá á thairiscint ag ITL ar mheascán leathan cliantaí. Tá eagraíochtaí ilnáisiúnta in earnálacha éagsúla áirithe sa mheascán seo; roinnt eagraíochtaí dúchasacha; réimse leathan fiontar beaga agus Meánmhéide atá bunaithe sa chathair agus faoin tuathl eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus eagraíochtaí pobail agus deonacha. Is féidir na tionscail agus na hearnálacha agus na heagraíochtaí eile seo a mhapáil de réir Scoile agus réimse Taighde agus Forbartha. Déanfaidh ITL tuilleadh forbartha ar a chaidreamh leis na páirtithe gníomhacha seo agus beidh sé seo le feiceáil i mbeartais idirghabhála

tionsclaíocha agus i bpleananna i leibhéil éagsúla dár n-eagraíocht. Tá sé seo faoi réir ag anailís bhreise na bpáirtithe leasmhara agus ar thosaíocht a thabhairt do chaidreamh.

- Déanann ITL freisin feabhsú ar shaol sóisialta agus eacnamaíoch an réigiúin trí úsáid a bhaint as a líonraí eolais idirnáisiúnta d'fhonn deiseanna a chruthú d'fhiontair áitiúla, do chomhlachtaí poiblí agus d'eagraíochtaí pobail agus deonacha a bheith rannpháirteach i dtionscadail idirnáisiúnta, agus a mbonn eolais, a líonraí trádála agus a n-éifeachtúlacht a bhreisiú dá réir.
- Beidh ITL ag leanúint ar aghaidh le hidirghníomhaíochtaí leis na príomhúdaráis, ardáin agus gníomhaireachta sa réigiún agus ar fud na tire mar is cuí: Comhairlí Cathrach agus Contae, Boird Fiontraíochta Cathrach agus Contae, CGO, Fiontraíocht Éireann sa Mheán-iarthar agus san Oirdheisceart, IDA thiar agus IDA an Oirdheiscirt, Údaráis Réigiúnacha an Mheán-Iarthair agus an Oirdheiscirt, Conair an Atlantaigh, Cumainn Tráchtála éagsúla agus mar sin de (ach faoi réir ag tosaíochtú).
- Bíonn ITL rannpháirteach le tionsclaíocht agus leis an bpobal i gcoitinne trí thograí éagsúla. Bímid rannpháirteach le grúpaí éagsúla atá faoi dhúshlán eacnamaíoch sa réigiún, ar nós ceantair athnuachana Luimnigh. Bítear rannpháirteach le pobail tuaithe, ealaíne, spóirt agus go leor eile, trí shocrúcháin oibre (réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta), sannadh foghlaimeoirí agus an clár creidiúnaithe deontóra do mhic léinn GIVE. Bíonn lucht foirne páirteach i ndíospóireacht phoiblí agus bíonn siad ar fáil le freastal ar Bhoird eagraíochtaí deonacha.
- Le beartas Freagracht Chorparáideach Sóisialta mar thaca, beidh ITL ag leanúint ar aghaidh lena rannpháirtíocht leis an phobal ar leibhéal institiúideach, foirne agus mac léinn agus tabharfar tacaíocht dó seo trí shruthanna malartacha ioncaim agus socruithe oibre deonacha.

Ár nEarnáil: Oideachas agus Comhlachtaí Náisiúnta

Mar cheannairí gníomhacha sa réimse, tá sé d'aidhm ag ITL a bheith ar thús cadhnaíochta le struchtúir nua forbartha agus le comhoibriú san ardoideachas; tá idirbheartaíocht dhlúth le príomhpháirtithe leasmhara na hearnála i gceist leis seo.

- - 2030 - Tá ITL ag freagairt go honnghníomhach agus tús á chur leis an ré nua seo mar eagraíocht chomhtháite a chuimsíonn Institiúid Thiobrad Árann mar a bhí. Mar eagraíocht bhreisithe le taithí shuntasach luachmhar sa chomhoibriú, cuirfimid fáilte roimh chomhoibriú eile ar bhonn comhchéime, a thabharfaidh meas dár stádas, dár gcéannacht agus dá bpróifíl neamhspleách agus a neartóidh iad.
- Éabhlóid na hEarnála IT - tá ITL ag tacú leis na moltaí beartais náisiúnta i leith stádas Ollscoil Teicneolaíoch (OT) na hearnála agus faoi réir ag beartais an rialtais déanfar

iarracht an stádas sin a bhaint amach as a phointí nirt féin. Beidh comhpháirtíochtaí nó comhghuallaíochtaí ábhartha rannpháirteach sa phróiseas orgánach seo, agus cosnóidh siad ITL amach anseo i aghaidh a bheith fágtha ar gcúl agus piar-eagraíochtaí ag dul chun cinn i dtreo stádas OT. Ba cheart do na comhghuallachtaí a bheith domhain agus leathan, ag tabhairt táirgí inseachadta chuig foghlaimeoirí agus lucht foirne, ar nós comhfhorbairt agus comhsholáthar clár, idirnáisiúnú, taighde feidhmeach, forbairt foirne agus sinéirgeachtaí ag leibhéal na gcóras. Tá na gníomhaíochtaí seo ag teacht leis na beartais náisiúnta d'Institiúidí Teicneolaíochta mar atá siad comhdhéanta faoi láthair, chomh maith leis na critéir le dul i dtreo stádas Ollscoil Teicneolaíochta (faoi réir ag reachtaíocht agus próiseas dúshlánach dhá chéime).

- Tá ITL tiomanta do leanúint ar aghaidh le caidrimh chomhoibríocha le soláthróirí eile ardoideachais sa réigiún, go háirithe leis an earnáil ollscolaíochta trí Chonsortiam na Sionnaine. Clúdaíonn an Consortiam comhthionscadail nuálacha rochtana, teagaisc agus foghlama agus éifeachtúlachtaí trí sholáthar i gcomhar. Neartófar ár seasamh sa réigiún le naisc leanúnacha comhoibríocha agus idircheangailte le scoileanna dara leibhéil agus le coláistí iar-ardteiste agus cuirfear cosáin oiriúnacha oideachais ar fáil leis. Ní mór do ITL agus do sholáthróirí mórshrutha eile dearcadh feabhsaithe i leith comhoibiú a fhorbairt, ní hamháin le freastal ar dhúshláin bheartas nua an rialtais ach chun freagairt don iomaíocht atá ag teacht chun cinn ó sholáthróirí (príobháideacha) nach mbaineann leis an mórshruth.
- Caidreamh le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí rialála na hearnála - beidh ITL ag plé go dearfach leis na comhlachtaí seo agus déanfar gach iarracht a chlú mar eagraíoch ionraic, iontaofa d'ardchaighdeán a chaomhnú. Is mian le ITL a fheidhmíocht den scoth de réir mar a thomhaistear í le tagarmharcanna a chothabháil, agus a ionad iontaoibh a choinneáil a léirítear í i gomhordú na mórthionscadal agus na gclár náisiúnta, ar nós an Ciste Straitéiseach Nuála.
- Caidrimh le forais ghairmiúla - is tábhachtach do ITL a naisc láidre le comhlachtaí ábhartha gairmiúla, naisc a chothaítear trí ranna acadúla agus ar leibhéal na gclár. Déanfar na naisc seo a chothabháil agus a neartú, de réir mar atá siad ag cloí lenár bhfealsúnacht oideachasúil agus lenár gcur chuige oideolaíoch agus mar a dhéanfaidh siad leas na bhfoghlaimeoirí agus na gcéimithe.

"Tá rólanna éagsúla agus comhlántacha ag institiúidí teicneolaíochta agus ag ollsco

- 2030, leathanach 98)

"Ba chóir creatlach a fhorbairt d'fhonn comhoibriú a áisiú ar fud an chórais idir institiúidí éagsúla le braislí réigiúnacha a chruthú."

-

-

agus an acmhainneacht iomchui mar ollscoileanna teicneolaíochta."

An Domhan mórthimpeall orainn (Macra-leibhéal)

Ag leibhéal Institiúide agus ag leibhéal Scoile nó réimse feidhme, beidh anailís leanúnach ar siúl againn ar an macra-thimpeallacht ina mbímid ag oibriú. Aithnímid nach féidir an macra-thimpeallacht a rialú den chuid is mó ag aon eagraíocht aonair amháin, ach ní mór dúinn monatóireacht a dhéanamh uirthi.

- Ionchais eacnamaíochta intíre - ar an iomlán tá deichbhliain dheacair ag Éirinn faoi láthair agus beidh tionchar aige seo ar na hearnálacha éagsúla den eacnamaíocht a bhfuilimid ag freastal orthu. Beidh deiseanna ann chomh maith áfach ar féidir iad a uasmhéadú trí na hacmhainní agus na buanna éagsúla atá ag an tír agus ag na daoine. Faoir threoir leanúnach ag tuiscintí faoi ionchair infhostaíochta agus riachtanais scileanna, beidh ITL ag déanamh a cion ar son an téarnaimh agus ar son todhchaí níos dóchasaí trí oideachas, oiliúint agus taighde. Ní mór dár soláthar oideachais agus oiliúna áfach dul níos sia ná freagairt do riachtanais thimthriallacha láithreacha an mhargadh saothair.
- Treochtaí idirnáisiúnta - agus líon na bhfoghlaimeoirí idirnáisiúnta ar an rolla ag méadú in ITL agus cion ár gclár ag leathnú amach, ní mór dúinn a bheith eolasach ar chúiseanna imní áitiúla agus domhanda araon.
- Cúinsí sochaíocha - tá ról ríthábhachtach ag an ardoideachas, ó thaobh sainmheopn agus córais a fhorbairt do shochaí níos éirimiúla agus dóchas a thabhairt do dhaoine ina n-iarrachtaí le cáilíochtaí a bhaint amach, nó tabhairt faoi thaighde, obair fhorbartha nó iarrachtaí fiontraíocha. Is é ról ITL ionchais infhostaíochta agus sástacht phearsanta a bhreisiú do na codanna éagsúla den daonra a úsáideann ár gcuid seirbhísí. Bíonn sé i gceist chomh maith na foghlaimeoirí a ullmhú mar shaoránaigh sa tsochaí go ginearálta. Tá ITL eolach ar na réamhfhaisnéisí faoin méadú ar éileamh ar ardoideachas agus déanfaimid ár ndícheall freastal ar an éileamh seo.
- Le clár oibre achchóiriú na hearnála poiblí táthar ag iarraidh éifeachtúlacht agus solúbthacht in úsáid acmhainní a fheabhsú. Tá ITL tiomanta do sheachadadh a dhéanamh ar an gclár oibre seo ar mhaithe leis na mic léinn agus páirtithe leasmhara eile a úsáideann ár seirbhísí. D'fhéadfadh sé nach mbeidh na paraidímí seachadta agus oibriúcháin atá seanbhunaithe inmharthanach feasta agus ní mór dúinn bealaí a fháil chun ár seirbhísí do ghrúpaí níos mó d'fhoghlaimeoirí a sholáthar, le laghdú sna hacmhainní ach gan aon chailliúint sa cháilíocht. Braitheann an t-athchóiriú ar chomhaontuithe náisiúnta, ach is go háitiúil a chuirfear i bhfeidhm é i gcomhairliúchán le bainistiocht, ceardchumainn agus lucht foirne.

" -

, bunaithe ar oideachas a

. -

2030, leathanach 9)

AGUISÍN 1: BUNCHLOCHA DON BHFORBAIRT STRAITÉISEACH (NÍ LIOSTA UILEGHABHÁLACH É SEO)

Cáipéisí seachtracha

Acht na nInsitiúidí Teicneolaíochta 2006

Treoracha, beartais agus tuarascálacha treochta ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ón Údarás Ardoideachais.

Beartais agus treoirlínte ó Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oilúna (HETAC - atá le cur isteach le hÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann do sholáthróirí ardoideachais).

- 2030 - Tuarascáil an Ghúpa Straitéise

Réamhfhaisnéisí ar Riachtanais Scileanna ó Forfas/ESRI/FÁS

Athbhreithnithe agus cáipéisí beartais don réigiún

Cáipéisí inmheánacha

Cáipéisíoch Straitéise ITL 2006-10 agus Athbhreithniú Idirthréimhseach 2008/09

Misean agus Cairt ITL

Straitéis Teagaisc, Foghlama agus Meastóireachta ITL

Ráiteas Máistirphlean Fhorbairt an Champais go 2025

Straitéis Taighde ITL

Athbhreithniú Institiúidte ITL - Tuarascáil Féinmheastóireachta Aibreán 2010

Tuarascáil Phainéal Idirnáisiúnta HETAC Meán Fómhair 2010

Freagra Institiúide ITL ar HETAC agus ar an bPlean Feabhsúchán Cáilíochta 2010/2011

Straitéis Institiúid Thiobrad Árann 2009-14

Tuarascáil Féinmheastóireachta Athbhreithniú IT 2009

Freagra Institiúideach IT ar HETAC agus QIP

Cleachtadh Scóipe LIT-TI

Creatlach Comhtháthú Acadúil ITL-IT

Samhail Chomhtháite Eagrúcháin ITL Meán Fómhair 2011

Cáipéisí éagsúla inmheánacha beartais agus dearbhú cáilíochta.

Tuarascálacha scoile chuig an gComhairle Acadúil

Athbhreithniú ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta, Tuarascáil Inmheánach Iniúchóireachta le Deloitte, Feabhra 2011

Miontuairiscí ó Laethanta Imithe Bainistíochta

Miontuairiscí ón nGrúpa Comhairleach Inmheánach don Phlean Straitéiseach.

Tuarascálacha ó chruinnithe éagsúla idirghabhála le páirtithe leasmhara seachtracha.

Miontuairiscí ó Fhochoiste Straitéise an Bhord Rialaithe

Miontuairiscí ó chruinnithe den Bhainistíocht Fheidhmeach a bhí dirithe ar fhorbairt straitéise.

Meabhrán Tuisceana don "Chomhghuallaíocht Ardoideachais Tras-Éireann" sínithe idir ITL agus IT Ceatharlach, Eanáir 2011

AGUISÍN 2 - ÉABHLÓID NA N-INSTITIÚIDÍ TEICNEOLAÍOCHTA

(Ó: An Stráitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030, Caibidil 8.7, lgh. 101-106)

Ba cheart go mbeadh misean agus carachtar ar leith ag na hOllscoileanna Teicneolaíochta a eascraíonn as an bpróiseas cónascaithe: beidh sé seo riachtanach ar mhaithe leis an ilghnéitheacht atá mar neart in ardoicheasas na hÉireann a chaomhnú.

Tá próiseas dhá chéim beartaithe le haghaidh aon iarratas ar athainmniú:

Bheadh an t-iarratas á mheas ag painéal saineonaithe a bheadh ceaptha ag an Aire Oideachas agus Scileanna ar chomhairle an HEA Dhéanfadh an painéal seo measúnú ar an iarratas i dtéarmaí fheidhmíocht institiúideach agus i dtéarmaí na n-impleachtaí ginearálta don chóras dá nglacfaí leis an iarratas. Ba cheart don phainéal seo a bheith neamhspleách agus saineolach, agus é sin a bheith le feiceáil go soiléir.

Bheadh an dara hathbhreithniú comhdhéanta de shaineolaithe idirnáisiúnta a dhéanfadh measúnú ar cháilíocht feidhmíochta na hinstitiúide, le breithniú an sásaíonn sé na caighdeáin a mbeifí ag súil leo ó ollscoil teicneolaíochta.

Ba cheart do na critéir a úsáidtear le fáil amach cibé acu a nglacfar le hiarratas díriú ar ardfheidhmíocht laistigh den mhisean. Le foilseachán luath na gcritéar seo beidh réamhfhógra ag na hinstitiúidí faoi na héilimh dhiana a bhainfeadh leis an bpróiseas ainmniúcháin agus cuirfidh sé ar a gcumas réamhphleanáil a dhéanamh le haghaidh aon athrú stádais.

Is í an intinn atá ann maidir leis na critéir a leagan amach cosaint bhunúsach do chroímhisean agus do threocht na n-institiúidí agus dúshlán a thabhairt ag an am céanna do na hinstitiúidí ar mian leo a bheith athainmnithe a thaispeáint go bhfuil na leibhéil nua feidhmíochta bainte amach acu sna critéir seo.

Critéir céadchéime

D'áireofaí i measc na gcritéir a chuirfí i bhfeidhm sa chéad chéim den phróiseas athbhreithnithe:

Tionchar an athainmniúcháin ar an réigiún agus ar na príomhpháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis an institiúid, le cinntiú nach gcuirfí aon chion tábhachtach reatha de chuid na hinstitiúide i mbaol mar gheall ar an athainmniú.

An caidreamh agus an comhoibriú le soláthróirí eile ardoideachais, rath na hinstitiúide ina rannpháirtíocht i mbraislí réigiúnacha, agus aon togra d'fhonn tacú le comhdhlúthú laistigh den earnáil.

Taifead na hinstitiúide cónasctha ó thaobh éifeachtúlacht agus éifeachtacht na n-acmhainní bainistíochta a fheabhsú.

Na tionchair airgeadais agus oibriúcháin eile a d'fhéadfadh eascairt as an athainmniú

agus an plean gnó atá mar bhun do na hathruithe sin; agus
Cumas phróisis ceannaireachta, rialachais agus bainistíochta na hInstitiúide.

Critéir dara céime

D'áireofaí i measc na gcritéir sa dara chéim den phróiseas athbhreithnithe:

Fís straitéiseach na hInstitiúide d'fhorbairt a ról mar ollscoil teicneolaíochta agus conas is féidir leis breisluach substaintiúil uathúil a thabhairt chuig cumas nuála an réigiúin agus na tíre.

An taifead rannpháirtíochta le gnó áitiúil agus náisiúnt agus leis an earnáil phoiblí ag tabhairt tacaíochta réitithe fadhbanna ar leibhéal ard teicniúil.

An taifead i malartú foirne isteach agus amach as tionscail ábhartha agus eagraíochtaí san earnáil phoiblí.

Fianaise faoi rannpháirtíocht shuntasach gnó i bhforbairt an churaclam.

An chuid de na mic léinn atá rannpháirtíocht i bhfeabhsú scileanna agus i socruithe staidéir neamhthraidisiúnta (páirtaimseartha, ríomhfhoghlaim, srl).

An chuid den mhaoiniú a fhaightear ó chonarthaí taighde nó oiliúna leis an earnáil gnó agus

An taifead maidir le comhoibriú idirnáisiúnta le hinstitiúidí a bhfuil misin chosúla acu - tionscadail chomhoibríocha, malartú foirne/ mic léinn, srl.

Riachtanais cineálacha eile

Chomh maith leis na critéir seo, bheadh ar na hinstitiúidí riachtanais cineálacha eile a shású, lena n-áirítear:

Cultúr de scoláireacht mharthanach a threoródh teagasc agus foghlai i ngach réimse ina bhfuil cúrsaí á dtairiscin;

Scála agus mais chriticiúil a bheadh dóthanach le gníomhaíocht na hinstidiúide a bhuanú;

Cumas institiúideach ó thaobh an réimse scileanna a bheadh riachatnach le bainistiú agus cuntasacht ghairmiúil inmheánach agus sheachtrach a chinntiú.

Nósanna imeachta rialachais, struchtúir eagrúcháin, beartais iontrála, rochtana agus dul chun cinn, socruithe airgeadais, agus próisis deimhniú cáilíochta, iad go léir bunaithe ar luachanna agus ar spriocanna na n-ollscoileanna teicneolaíochta agus iad iontaofacht a chláir acadúla á chinntiú acu.

AGUISÍN 3 - SÁR - PTFÍ MOLTA LE HAGHAIDH STRAITÉIS ITL GO DTÍ 2020

(Ó: Athbhreithniú ITL ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta, Tuarascáil Inmheánach Iniúchóireachta le Deloitte a ghlac an Bord Rialaithe, Feabhra 2011, Caibidil 3)

3. Sár - PTFí Molta le haghaidh Straitéis ITL go dtí 2020

BUNAITHE AR DHÍOSPÓIREACHT LEIS AN UACHTARÁN AGUS LEIS AN BHFEIDHMEANNAS

3.1 Réamhrá

Is "ráiteas misin" é Straitéis ITL go dtí 2020 (uaillmhianta agus spriocanna leathana) a bheidh á fhorlíonadh ag timthriallacha pleanála straitéiseacha níos giorra. Tá 'Sár PTFí' féideartha molta bunaithe ar Dhréachtstraitéis ITL go dtí 2020, agus iad ar fáil ó mhí Eanáir 2011.

3.2 **Sainmhínithe**

Sula bhféadfaí dul ar aghaidh le 'Sár PTFí' a aithint, ba ghá méadraigh éagsúla a shainmhíniú go soiléir. Tugtar tábla sainmhínithe thíos mar a mhol an Feidhmeannas sa cheardlann ar an 14 Eanáir, 2011.

MÉADRACH	SAINMHÍNIÚ
Mic Léinn Rochtana	Mar atá sainmhínithe i samhail maoinithe an HEA: daoine le míchumais, mic léinn lánaibí, daoine le bacanna sóisialta nó eacnamaíocha, agus mionlaith (an Lucht Siúil agus na Nua-Éireannaigh)/
Measúnú ar Fhoghlaim Ghníomhach	Gach measúnú a dhéantar seachas scrúduithe deiridh.
Críochnú - Clár	Mic léinn a bhfuil a gclár críochnaithe acu laistidh de fhráma ama sainithe: o Fochéimithe - gnáthfhad an chláir móide 1 bhliain. o Céim Máistir[1] - ▪ Lánaimseartha - 48 mí (uasfhad) ▪ Páirtaimseartha - 72 mí (uasfhad) o Céim Dochtúra - ▪ Lánaimseartha - 72 mí (uasfhad) ▪ Páirtaimseartha - 96 mí (uasfhad)
Críochnú - Céim	% de mhic léinn a bhfuil céim dá gclár críochnaithe acu (.i. ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile)
Ilghnéitheacht	Inscne, Eitneacht, os cionn 23, Rochtain

[1] Uasfhad céimeanna Máistir agus Dochtúra a fhaightear as Rialacháin Chlár Céime Taighde ITL, faofa ag an mBord Rialaithe, Meitheamh 2009.

Soláthar Solúbtha	Mic léinn atá ag staidéar ar mhodhanna seachas lánaimseartha laethúil
Idirnáisiúnta	Tír dhúchais Stádas táillí (AE/Neamh AE)
Punann clár	Raon na réimsí disciplíne, nuáil, ábharthacht, láimhdeachas (dúnta agus nua nó leasaithe go mór), meascán leibhéil na gclár
Cláraithe	Foghlaimeoir a bhfuil na táillí ábhartha íoctha aige/aici
Coinneáil	Mar atá sainmhínithe ag ITL: Líon na mac léinn cláraithe (cláraithe mar a bhíonn ar an 30 Samhain) a chríochnaíonn an chéim (an bhliain) (.i. a shuíonn na scrúduithe) (D'fhéadfaí a athrú go líon na mac léinn a bhíon cláratieh ar 1 Márta mar gheall ar athruithe i samhail maoinithe an HEA)

3.3 'Sár PTFí' Molta le haghaidh Straitéis an ITL go dtí 2020

Rinneadh measúnú ar oiriúnacht na 'Sár PTFí' a bhí ann cheana maidir le hábharthacht i leith straitéis 2020 agus tugadh roinnt de na 'Sár PTFí' a bhí ann ar aghaidh.

Fearann A - Próifil Acadúil
1. <u>Sciar an Mhargaidh</u> % d'iarratais céadrogha CAO % de ghlacadh CAO (Earnáil IT)
2. <u>Líon na Mac Léinn</u> Líon mac léinn Lánaimseartha cíibhéiseacha i gcomparáid le líon fortheilgthe % ag leibhéal 6, 7, 8, 9, 10
3. <u>Meascán Mac Léinn</u> % Neamh-CAO - % Iontráil Dhíreach - % Iontráil ardchéime - % Spriocdhírithe maoinithe - % Printíseacht % Mic Léinn rochtana (mar atá sainmhínithe sa tsamhail maoinithe) % Soláthar Solúbtha (monatóireacht le déanamh ais seo) % Mic Léinn Idirnáisiúnta

4. Straitéisí don Fhoghlaim Ghníomhach % den mheasúnú de réir Fhoghlaim Ghníomhach
5. Punann na gClár Líon Clár de réir réimse disciplíne Líon na gClár dúnta Líon na gClár nua Líon na gClár de réir leibhéil
6. Tagarmharc seachtrach Rangú/Táblaí Sraithe (Irish Sunday Times) Aischothú Bairiméadar na Mac Léinn Eorpacha: ~ Meánmheasúnú céadtadáil ar fheidhmíocht na hInstitiúide ~ Meánsástacht fhoriomlán na mac léinn leis an Institiúid
7. Cáilíocht agus rangú na nDámhachtan Líon 1 ghrád agus 2.1 Pointí airmheánacha CAO
8. Infhostaitheacht % de chéime i bhfostaíocht % de chéime i bhfostaíocht a bhain lena gclár staidéir % de chéimithe ag tabhairt faoi bhreis staidéir
9. Coinneáil agus críochnú % de choinneáil mic léinn % Críochnú - Céim % Críochnú - Clár
10. Próifíl Foirne % cóibhéis lánaimseartha d'fhoireann acadúil ar leibhéal maoirseaoireachta cláir taighde 9/10 % de lucht foirne le cáilíochtaí ag leibhéal 9 agus os a chionn.
11. Ioncam taighde Ioncam taighde iomlán de réir cuntas iníúchta
12. Aistriú Eolais Líon postanna cruthaithe trí Dhréimire Fiontraíochta ITL Líon cliantaí rannpháirteach i gcláir forbartha fiontraíochta

Fearann B- Inmharthanacht na hInstitiúide

13. Méadair chearnacha don mac léinn
14. Coibhneas luach trealamh TF/Oideachais > 3 bliana: < 3 bliana
15. % spás praiticiúil teagaisc
16. Infheistíocht i mBonneagar Buiséad bliantúil caipitiúil Buiséad bliantúil cothabhála
17. Forbairt Foirne % de lucht foirne a bhfuil PMDS críochnaithe acu (débhliantúil) Caiteachas ar fhorbairt foirne - Acadúil/Neamh-Acadúil % de lucht foirne rannpháirteach i bhforbairt foirne - Acadúil/Neamh-Acadúil
18. Ioncam Deontas athfhillteach % d'ioncam ó chuntais iniúchta Ioncam tuillte mar % den ioncam iomlán Ioncam Iomlán de réir cuntais iniúchta
19. Éifeachtúlacht Costas aonaid don mac léinn a bhaineann le hearnálacha maoinithe faoi shamhail HEA % Deontas athfhillteach IT faighte ag ITL
20. Ioncam Cúlchiste Ioncaim/Cumas infheistíochta %
Fearann C - Timpeallacht
- clúdaítear an fearann seo ag na táscairí i bhFearainn A agus B - Nuair atá spriocanna do 'Shár PTFí' Fhearann A agus B ba cheart tagarmharcanna náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur san áireamh. - Chomh maith leis sin nuair a bhíonn anailís á dhéanamh ar na figiúirí iarbhír le haghaidh gach 'Sár PTF' ba chóir an anailís a dhéanamh i gcomhthéacs na 'timpeallachta' - i.e. treochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta mar is infheidhme.

3.4 Breithnithe 'Sár PTF'

Ní féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ó thaobh spriocanna a bhaint amach mar atá leagtha amach sna pleananna straitéiseacha trí na Sár PTFí amháin, mar nach bhfuil

méadrach inchainníocht gaolmhar ag gach sprioc. Ní mór do thuarascálacha ar Shár PTFí a bheith comhlánaithe ag tráchtairacht bhreise d'fhonn gnóthachain de chuid na hInstitiúide nach féidir a thomhas go héasca a ghabháil agus a admháil, aischothú dearfach ó fhostóirí chéimithe ITL mar smampla.

Nuair a bhíonn na 'Sár PTFí' á gcur i gcrích, b'fhéidir gur mhian le Feidhmeannas ITL na nithe seo a leanas a bhreithniú:

- Cinntítear go ndéantar monatóireacht shásúil ar dhul chun cinn na 'Sár PTFí' ó thaobh na spriocanna atá leagtha amach i Straitéis ITL go dtí 2020 a bhaint amach.
- Go mbíonn cothromaíocht ann idir inchur agus aschur na 'Sár PTFí'

3.5 Breithniú Oibriúcháin 'Sár PTFí'

- Ní mór úinéirí a ainmniú do gach 'Sár PTF'.
- Ní mór tairgéidí a leagan amach le haghaidh gach ceann de na 'Sár PTFí' a roghnaítear. Nuair a bhíonn tairgéidí á leagan síos do 'Sár PTFí' ní mór tagarmharcanna náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur san áireamh.
- Ní mór minicíocht ríomh gach 'Sár PTF' a aontú, m.sh. bliantúil, débhliantúil.
- Ní mór uainiú ríomh gach 'Sár PTF' a shocrú, go háirithe nuair a bhíonn lion na mac léinn san áireamh i ríomh an 'Sár PTF'.

3.6 Breithnithe Tuairisceoireachta 'Sár PTF'

- Breithnigh tuairisceoireacht bhlian reatha v bliain roimhe agus 'Sár PTF' tairgéid v iarbhír chuig an mBord Rialaithe ar bhonn bhliantúil.
- Má éiríonn difríochtaí móra idir spriocanna iarbhír agus tairgéid breithnigh doiciméadú a dhéanamh ar ghníomhartha agus ainmnigh duine le bheith freagrach as gníomhartha.
- Ba cheart na 'Sár PTFí' a aithnítear a athbhreithniú go bliantúil le cinntiú go bhfuil siad oiriúnach go fóill do na spriocanna mar atá siad leagtha amach sa phlean straitéiseach.